



## An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta Fógra Príobháideachais d'Iarratasóirí ar Phost

Cuirtear eolas ar fáil duit san fhógra príobháideachais seo faoi conas a phróiseáiltear do shonraí pearsanta nuair a dhéanann tú iarratas ar phost ag an Údarás Rialála Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (an ÚRCCT). Cé gurb é an ÚRCCT an rialaitheoir sonraí do shonraí pearsanta a láimhseáiltear mar chuid den phróiseas earcaíochta, cuireann an Ghníomhaireacht Tithíochta (an GT) cúnamh praiticiúil ar fáil nuair a bhíonn folúntais reatha á riar agus á n-earcú ag an ÚRCCT agus déanfaidh sé bainistiú ar fhorghór an phróisis earcaíochta thar ceann an ÚRCCT.

### 1. Cén Saghsanna Sonraí Pearsanta a Phróiseálaimid?

Cuimsítear san fhógra seo na sonraí pearsanta a phróiseáiltear chun measúnú a dhéanamh ar aon iarratas ar phost a sheolann tú chuig an ÚRCCT. Beidh na rudaí seo a leanas, go príomha, i gceist leis na sonraí pearsanta a phróiseálfaimid:

- Ainm, seoladh, seoladh ríomhphoist, uimhir ghutháin, nó eolas teagmhála ábhartha eile;
- Eolas a chuimsítear i d'fhoirm iarratais, CV nó litir chumhdaigh, ar nós taithí oibre roimhe seo, áit fostaíochta, oideachas nó eolas eile a sholáthraíonn tú i rith an phróisis iarratais;
- Saghas na fostaíochta a lorgáitear, tuarastal reatha, tuarastal inmhianaithe, toilteanas chun athlonnú nó aon roghanna eile poist;
- Ainmneacha agus eolas teagmhála d'atreoruithe.

Tá an fhreagracht ar an iarratasóir toiliú a fháil ó mholtóirí sula gcuireann siad a sonraí pearsanta ar fáil don ÚRCCT. Ar mhaithe le hamhras a sheachaint, ní mian leis an ÚRCCT aon eolas rúnda nó dílsithe (faoi phaitinn) a fháil a fuair tú ó d'iarfhostóirí.

Mar chuid den phróiseas earcaíochta, is féidir leis an ÚRCCT sonraí catagóire íogaire a bhailiú agus a phróiseáil faoin RGCS (na 'sonraí íogaire', faoi mar a dtugtar orthu, eolas san áireamh ar shláinte agus ar mhíchumas).

Caitear leis na sonraí faoin rún is daingne agus ní bhíonn teacht ar na sonraí ach ag an bhfoireann siúd ar gá dóibh teacht orthu.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfaighimid eolas a bhaineann le pinsin agus saoire bhreiteachta nuair a bhíonn aistriú ó eagraíocht earnála poiblí eile i gceist le do cheapadh le ról.

Próiseálaimid sonraí pearsanta mar chuid den phróiseas earcaíochta faoi bhunúis dhleathacha an leasa agus an toilithe dhlísteanaigh. Próiseáiltear sonraí pearsanta catagóire speisialta ar mhaithe le cuspóirí fostaíochta.

## **2. Cé ar Féidir leo Teacht ar do Shonraí?**

Níl teacht ar do sonraí pearsanta ach acu siúd a bhfuil gá ar leith acu iad a phróiseáil. I gcomhthéacs earcaíochta, ní chuirfear rochtain ar fáil, go ginearálta, ach d’Acmhainní Daonna agus d’aon duine ábhartha agus riachtanach atá bainteach sa phróiseas fostaíche, ar nós bainisteoir fostaíche nó agallóra. Lena chinntiú go mbíonn teacht ag an ÚRCCT ar shaineolas dóthanach chun tabhairt faoi agallaimh, is féidir le hagallóirí seachtracha bheith bainteach sa phróiseas agus beidh teacht acu ar do sonraí pearsanta faoi nós imeachta slándála sonraí pearsanta a dearadh go cúramach.

Is féidir le soláthraithe seirbhíse, cosúil le tacaíocht TF, do sonraí pearsanta a phróiseáil, ach i gcáil theoranta agus ar chuspóir sonraithe cosúil le saincheist a thabhairt chun solais duit nó córas a bhainistiú ina stóráiltear do sonraí. Is féidir leis an ÚRCCT seirbhísí gníomhaireachtaí seachtracha a úsáid freisin chun cabhrú le hearcaíocht nó le tascanna eile riaracháin.

Tugann an ÚRCCT faoina earcaíocht faoi láthair tríd an Ghníomhaireacht Tithíochta, a chabhraíonn leis an bpróiseas soláthair foirne don ÚRCCT, agus láimhseálfaidh foireann Acmhainní Daonna na Gníomhaireachta Tithíochta d’iarratas. Tá comhaontú i bhfeidhm chun an caidreamh a rialáil idir an ÚRCCT agus an Ghníomhaireacht Tithíochta (<http://www.housingagency.ie/>).

## **3. Cén cuspóir dá n-úsáidfear sonraí an iarratais phoist?**

Úsáidfear sonraí an iarratais phoist a sholáthraíonn tú dúinn chun na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- D’eolas a dheimhniú;

- Measúnú a dhéanamh ar d'oiriúnacht don ról;
- Tabhairt faoi sheiceálacha teistiméireachta;
- Cumarsáid a dhéanamh leat i rith an phróisis iarratais.

Má ghlacann tú le fostaíocht leis an ÚRCCT, coimeádfar an t-eolas a bailíodh mar chuid de do thaifead fostaíochta agus úsáidfear é ar mhaithe le cuspóirí fostaíochta.

I gcás sonraí sláinte agus míchumais amháin, próiseálaimid an t-eolas seo díreach ar mhaithe le cloí le hoibleagáidí dlíthiúla chun timpeallacht shábháilte agus oiriúnach oibre a sholáthar duit.

#### **4. Cearta Ábhar Sonraí**

Bíonn cearta áirithe maidir lena sonraí pearsanta ag ábhair shonraí faoin Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS). Is iad na cearta seo:

*Ceart go gcuirtear ar an eolas thú;*

*Ceart rochtana;*

*Ceart chun ceartú;*

*Ceart chun scriosta (an ceart go ligfear i ndearmad);*

*Ceart chun próiseáil a shrianadh;*

*Ceart i dtaobh iniomparthacht sonraí;*

*Ceart chun agóide.*

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach bhfuil na cearta um chosaint sonraí daingean agus is féidir iad a shrianadh, más gá. Má bhraitheann tú nach bhfuil ár gcleachtais phróiseála sonraí ag teacht le hoibleagáidí reachtúla, nó má bhíonn aon cheisteanna agat faoi conas a phróiseálaimid do sonraí, is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn agus iarraidh ar shoiléiriú ag aon tráth.

Tá an ceart agat freisin gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí, má bhraitheann tú gur sáraíodh aon chinn de do chearta. Tá sonraí breise faoi chearta ábhar sonraí ar fáil ag <https://www.dataprotection.ie/en/individuals/know-your-rights/right-access-information>.

#### **5. Cé chomh Fada a Choimeádfar Sonraí d'Iarratais Phoist?**

Déanfar na taifid go léir a phróiseáladh ar mhaithe le hearcaíocht a scriosadh agus/nó a mhilleadh go slán ocht mí dhéag (18) i ndiaidh gur críochnaíodh an earcaíocht don ról seo, seachas nuair atá ar an ÚRCCT taifid áirithe a bhaineann le hearcaíocht a

choimeád ar mhaithe le cartlannú náisiúnta. Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcoimeádann an ÚRCCT taifead freisin de na hiarratais a rinneadh roimhe seo, ina gcuimsítear d'ainm, aitheantóir uathúil agus toradh an iarratais. I gcás iarratais rathúla, coimeádfar taifid earcaíochta ar do chomhad pearsanra fostaí.

## **6. Sonraí Teagmhála**

Má bhíonn aon cheisteanna agat ar conas a láimhseáiltear do shonraí pearsanta ar mhaithe le hearcaíocht ag an ÚRCCT, seol do cheist, le do thoil, chuig Oifigeach Cosanta Sonraí na Gníomhaireachta Tithíochta (Trilateral Research).

Ríomhphost: **[dpo@housingagency.ie](mailto:dpo@housingagency.ie)**

Post:

**Trilateral Research Ltd**  
**Marine Point, An Dara hUrlár,**  
**Calafort Belview, Contae Phort Láirge X91 W0XW**